V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10855 — Capgemini / Orange / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 163/10)

1. An 2 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Capgemini S.E. ("Capgemini", an Fhrainc), agus;

— Orange S.A. ("Orange", an Fhrainc).

Bunóidh Capgemini agus Orange comhfhiontar ("Bleu", an Fhrainc) ina bhfaighidh siad rialú comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Capgemini gníomhach i réimse na straitéise agus an chlaochlaithe, réimse na bhfeidhmchlár agus na teicneolaíochta agus réimse na hinnealtóireachta agus oibríochtaí in 50 tír, agus soláthraíonn sé seirbhísí TF chun córais bhonneagair TF agus timpeallachtaí digiteacha cuideachtaí agus eagraíochtaí móra a fhorbairt, a leathnú, a dhaingniú agus a bhainistiú;

— Is oibreoir cumarsáide leictreonaí é Orange a chuireann réimse leathan seirbhísí ar fáil den chuid is mó i réimse na teileafónaíochta líne fosaithe, na teileafónaíochta Idirlín agus na teileafónaíochta móibílí, chomh maith le seirbhísí TF i roinnt tíortha ar fud an domhain.

— Soláthróidh Bleu néalseirbhísí ceannasacha a chomhlíonfaidh critéir an lipéid "*Cloud de Confiance*" sa Fhrainc (i.e., néalseirbhísí ceannasacha a chomhlíonfaidh riachtanais shonracha slándála arna leagan síos ag Gníomhaireacht Chibearshlándála na Fraince) do ghrúpa sonrach custaiméirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10855 – CAPGEMINI / ORANGE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË